Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

10766/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0096 (NLE)**

CLIMA 311
ENV 708
ENER 369
IND 324
COMPET 637
MI 537
ECOFIN 626
TRANS 265
AELE 24
CH 5

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a leasú, agus le soiléiriú a chur isteach in Iarscríbhinn IV, a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn I a leasú, agus le soiléiriú a chur isteach in Iarscríbhinn IV, a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh[1] ('an Comhaontú') an 23 Samhain 2017 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle[2].

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(3) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin.

(4) Foráiltear le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

---

1 IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

2 Cinneadh (AE) 2017/2240 ón gComhairle an 10 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 322, 7.12.2017, lch. 1).

3 Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle an 23 Eanáir 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (IO L 43, 16.2.2018, lch. 1).

(5) Is iomchuí comhsheasmhacht a athbhunú leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme maidir le córais trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na hEilvéise tar éis thús na tréimhse trádála nua an 1 Eanáir 2021 trí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú a leasú chun athruithe rialála a léiriú, lena n-áirítear soiléirithe riachtanacha sna critéir fhíor-riachtanacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin a chur san áireamh agus trí Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú trí soiléiriú a chur isteach chun míthuiscintí agus mearbhall ar an mbrí atá le faisnéis íogair mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a gabhann leis an gComhaontú a sheachaint .

(6) Le linn an séú cruinniú a bheidh ag an gComhchoiste, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, tá an Comhchoiste le Cinneadh a ghlacadh maidir le hIarscríbhinní I agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, maidir le hIarscríbhinní I agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, a bhunú, ós rud é go mbeidh na hIarscríbhinní leasaithe ina gceangal ar an Aontas.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh le linn a séú cruinniú, nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*